Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)

General Certificate of Education

Centre Number

Candidate Number

Irish

Assessment Unit AS 2 (Sections B and C)

assessing

Reading and Use of Language

SIR22

[SIR22]
Assessment

Assessment Level of Control:

Tick the relevant box (✓)

Controlled Conditions	
Other	

TIME

1 hour 20 minutes.
Candidates should spend approximately 50 minutes on Section B.
Candidates should spend approximately 30 minutes on Section C.

INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
For Section B answer **all** questions.
For Section C answer **all** questions.

INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 75:
40 marks for Section B and 35 marks for Section C.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an Insert for use with Question 1 of Section B in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.
Quality of Written Communication is assessed in Section B Question 2.

Additional Materials required:
None

For Examiner's use only	
Question Number	**Marks**
B1	
B2	
C1	
C2	
C3	
C4	
C5	
Total Marks	

Section B: Reading

Examiner Only	
Marks	Remark

1 Léigh an t-alt "Strus na nDaoine Óga" agus freagair, *as Gaeilge*, na ceisteanna a leanas. (See Insert.)

(a) Luaigh **dhá** rud ina shaol nach mbíonn an duine atá faoi strus sásta leo de ghnáth, de réir an ailt.

_____

_____

_____ [2]

(b) Cad é an rud nach dtig le duine a dhéanamh nuair a bhíonn sé faoi strus?

_____

_____

_____ [2]

(c) Cén grúpa a shíl daoine, roimhe seo, a bhí i gceist leis an strus?

_____

_____ [1]

(d) Cá as a dtagann brú ar na daoine óga, de réir an ailt?

_____

_____

_____

_____ [3]

(e) Iarrtar ar na daoine óga gan rialacha a bhriseadh. Cad é eile a iarrtar ar na daoine óga, de réir an ailt? Luaigh **trí** rud.

_____

_____

_____

_____ [3]

(f) Maidir leis na rudaí a iarrtar orthu, cén **dá** rud a mhothaíonn na daoine óga nach bhfuil acu?

_____

_____

_____ [2]

(g) Cén grúpa daoine atá ar fáil sna scoileanna anois le cuidiú le daoine atá ag fulaingt le strus?

_____

_____ [1]

(h) Cén scil is tábhachtaí le cuidiú le daoine atá faoi strus, de réir an ailt?

_____

_____

_____ [2]

(i) Ainmnigh **dhá** rud a mholann na dochtúirí le baint den strus, de réir an údair.

_____

_____

_____ [2]

(j) Cén **dá** ghrúpa daoine a gcaithfimid súil a choinneáil orthu, de réir an ailt?

_____

_____

_____ [2]

Marks for AO2 [20]

Examiner Only	
Marks	Remark

2 Aistrigh go Béarla. Ná haistrigh an teideal.

Examiner Only	
Marks	Remark

Duolingo i mbarr a réime

Tá áthas ar mhúinteoirí teangacha leis an dea-scéala a fógraíodh le déanaí go bhfuil ag éirí go hiontach maith le háis foghlama teanga darb ainm *Duolingo*.

Tig le húsáideoirí *Duolingo* ceangal le cúrsaí ar líne agus teanga ar bith a fhoghlaim. Tá trí chéad teanga ar fad ar fáil, an Ghaeilge ar cheann acu.

Foghlaimíonn an duine a dhéanann cúrsa *Duolingo* foclóir agus fuaimeanna trí cheachtanna idirghníomhacha a thriail agus a oiread ama a chaitheamh ar an fhoghlaim agus atá de dhíth.

Cuidíonn an obair idirghníomhach ar scáileán go mór le foghlaimeoirí atá ar lorg stíl nua-aoiseach foghlama, go háirithe le scoláirí atá tugtha don teicneolaíocht.

Tá na ceachtanna taitneamhach, bríomhar, dar le Lola, úsáideoir óg amháin as Baile Átha Cliath: “Is maith liom na ceachtanna mar bainim sult astu agus ní mhothaím faoi bhrú ar bith.”

Chomh maith le bheith suimiúil, tá na ceachtanna daite agus tarraingíonn siad súile an fhoghlaimeora.

Source: Examiner

Examiner Only	
Marks	Remark

Marks for AO2 [20]

Section C: Use of Language

Answer all **five** questions.

Examiner Only	
Marks	Remark

1 Write a synonym *in Irish* in place of the word/phrase in italics. Write full sentences *in Irish*.

(a) Bhain *timpiste* dom arú inné.

_____

_____ [1]

(b) Gortaíodh mé go *holc*.

_____

_____ [1]

(c) B'éigean dom cuairt a thabhairt ar an *otharlann*.

_____

_____ [1]

(d) Bhí an seomra feithimh *pacáilte* le daoine.

_____

_____ [1]

(e) Bhí orm teacht ar ais an lá *arna mhárach*.

_____

_____ [1]

Marks for AO3 [5]

2 Rewrite the following sentences, changing the verb in brackets from the command to the present tense.
Write full sentences *in Irish*.

Examiner Only	
Marks	Remark

(a) (Taispeáin) an físeán seo duit an bealach is fearr leis an roth a athrú.

_____

_____ [1]

(b) (Imir) an fhoireann shinsearach ag an pháirc mhór úrnua anois.

_____

_____ [1]

(c) (Foghlaim) na héin bheaga seo an dóigh le heitilt óna dtuismitheoirí.

_____

_____ [1]

(d) (Éist) an chuid is mó den lucht éisteachta leis an chlár anois ar líne.

_____

_____ [1]

(e) (Ordaigh) na custaiméirí an bia roimh ré má bhíonn deifir orthu.

_____

_____ [1]

Marks for AO3 [5]

Examiner Only	
Marks	Remark

3 Rewrite the following sentences *in Irish* and change the preposition and the pronoun into the correct prepositional pronoun in each case. Write full sentences *in Irish*.

(a) Ó thosaigh mé a imirt don fhoireann áitiúil anuraidh, is léir go bhfuil muinín ag an bhainisteoir (as + mé).

_____

_____ [1]

(b) Bhí cluiche den chéad scoth (ag + mé) Dé Domhnaigh.

_____

_____ [1]

(c) Labhair an bainisteoir (le + mé) ag leath ama.

_____

_____ [1]

(d) Mhínigh sí (do + mé) go raibh laigí le sonrú sna céilí comhraic.

_____

_____ [1]

(e) Chuir na tosaithe an liathróid isteach (chuig + mé) agus d'aimsigh mé trí chúl agus cúig chúilín ar fad.

_____

_____ [1]

Marks for AO3 [5]

4 Rewrite the following sentences *in Irish,* changing the plural noun in brackets into the genitive plural case where necessary and changing initial letters of words where necessary. Write full sentences *in Irish*.

Examiner Only	
Marks	Remark

(a) Tá ardú le sonrú ar an méid ama a thugann RTÉ do pheil na (mná).

_____

_____ [1]

(b) Tá Eoghan sa chistin ag ullmhú na (prátaí) don dinnéar.

_____

_____ [1]

(c) Tá an saol millteanach costasach do mhic léinn, go háirithe praghas ard na (leabhair).

_____

_____ [1]

(d) Bhí teicneoir na scoile istigh go luath ag deisiú na (ríomhairí) in am don rang.

_____

_____ [1]

(e) Beidh scaifte ag tógáil na (boscaí) ag deireadh na hoíche.

_____

_____ [1]

Marks for AO3 [5]

5 Translate the following sentences *into Irish*.

Examiner Only	
Marks	Remark

(a) She is almost ready for the concert.

_____

_____

_____

_____ [3]

(b) She has been practising day and night for the last week.

_____

_____

_____

_____ [3]

(c) She knows the other singer.

_____

_____

_____

_____ [3]

(d) They are raising money for Trócaire this year.

_____

_____

_____

_____ [3]

(e) She was on the television twice last week.

_____

_____

_____

_____ [3]

Marks for AO3 [15]

Examiner Only	
Marks	Remark

THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA
will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

12805.09 **R**

Insert for use with Question 1 of Section B.

Strus na nDaoine Óga

De réir an fhoclóra is é “teannas, imní, brú” an chiall atá leis an fhocal “strus”. Go minic, is mothúchán é a thagann ar dhuine atá faoi bhrú ar feadh tamall fada. Tá an strus ceangailte go dlúth le míshuaimhneas agus míshástacht an duine ina shaol scoile, oibre nó baile. Fágann sé nach mbaineann an duine, a bhíonn faoi strus, sult as rud ar bith a dhéanann sé mar go mbíonn buaireamh agus imní air an t-am ar fad.

Bhí an t-am ann agus shíl daoine gur bhain an fhadhb seo leis na daoine fásta amháin ach tá athrú ar an scéal sin. Sa lá atá inniu ann, tuigtear go forleathan go mbíonn na daoine óga faoi strus agus iad faoi bhrúnna éagsúla – brú na scoile, brú óna gcairde agus brú óna dtuismitheoirí, mar shampla.

Iarrtar ar na daoine óga a bheith sláintiúil, cliste, suimiúil, cuid mhór cairde a bheith acu, ach gan rialacha ar bith a bhriseadh. Tá sé iontach doiligh acu tic a chur sna boscaí uile! Go minic mothaíonn siad nach bhfuil tacaíocht acu agus nach bhfuil go leor uaireanta sa lá le gach rud a dhéanamh.

Bíonn comhairleoirí ar fáil sna scoileanna anois le cuidiú leis na daoine óga a mhothaíonn go bhfuil siad faoi strus. Is cosúil gurb é an cumas is tábhachtaí ag na comhairleoirí a bheith maith ag éisteacht leis na hógánaigh.

Le cois na dea-chomhairle, deir na dochtúirí go bhfuil an aclaíocht fhisiciúil iontach maith le strus a mhaolú agus go bhfuil comhrá rialta le cairde iontach tábhachtach fosta. Is beag fadhb nach féidir a réiteach ach í a chaibidil le cairde, dar leo.

Bhí an strus ann i gcónaí agus bíonn leibhéal íseal struis úsáideach chun an duine a spreagadh ach caithfidh muid súil a choinneáil ar ár gcairde agus orainn féin fosta le bheith cinnte nach bhfuil an strus ag déanamh damáiste dár saol.

Source: Examiner